Martin Cullen sa nuacht arís

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoi shaol oibre Martin Cullen. An chéad uair nó dhó a fhéachann tú ar an tuairisc déan iarracht an leagan Gaeilge de na frásaí seo a aimsiú inti.

1. he is retiring
2. political journey
3. as a marketing manager
4. wine company
5. Progressive Democrats
6. he was spokesperson on
7. when he was refused
8. the European Elections
9. the opposition's criticism
10. two independent reports
11. privatisation
12. rape
13. he was referring to

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc arís agus breac síos cad a tharla i saol polaitiúil Martin Cullen sna blianta seo thíos:

1987:

1989:

1992:

1994:

2004:

2009:

Ceist 3 '…toghadh é…'

(a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?

Bhí na habairtí thíos le cloisteáil sa mhír. Líon na bearnaí leis an fhoirm cheart de na briathra. Éist leis an mhír ansin le feiceáil an raibh an ceart agat.

1. Nuair a _____ é mar Theachta Dála.
2. Nuair a _____ dó seasamh mar iarrthóir.
3. Rinne sé cosaint láidir ar na meaisíní costasacha a _____.
4. De bharr conradh a _____ do chomhlacht.
5. _____ amach nach raibh aon rud déanta as an mbealach.
6. Nuair a _____ gur chosain an eitilt.

(b) Déan iarracht na rialacha (deirí na mbriathra) a bhaineann leis an ghné seo a mhíniú don duine in aice leat. Bain úsáid as na samplaí thuas.

(c) An bhfuil aon rud le rá agat faoi cheist 5 thuas?

Ceist 4 An bhfuil Gaeilge agat ar na focail seo a bhaineann le cúrsaí toghcháin?

ballot box, campaign, by-election, general election, democracy, candidate, poll, spoiled vote, electorate, constituency, constituent

Ceist 5 Rólghníomhaíocht:

(a) Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag cur agallamh ar a chéile ar ball beag. Lig ort féin gur ceoltóir mór le rá tú agus bí in ann na ceisteanna thíos a fhreagairt. Glacaigí sealanna na ceisteanna a chur ar a chéile.

Cé as duit ó dhúchas?
Cá bhfuil tú i do chónaí anois?
Cé mhéad album atá eisithe agat?
An bhfuil mórán camchuairteanna déanta agat?
Cad é buaicphointe do ghairme?
Cad é íosphointe do ghairme?

(b) Scríobh cuntas gairid, cosúil leis an mhír atá díreach cloiste agat, ar an duine in aice leat anois.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. he is retiring - *tá sé ag éirí as*
2. political journey - *aistear polaitiúil*
3. as a marketing manager - *mar bhainisteoir margaíochta*
4. wine company - *comhlacht fíona*
5. Progressive Democrats - *An Páirtí Daonlathach*
6. he was spokesperson on - *bhí sé mar urlabhraí ar*
7. when he was refused - *nuair a diúltaíodh dó*
8. the European Elections - *na toghcháin Eorpacha*
9. the opposition's criticism - *cáineadh an fhreasúra*
10. two independent reports - *dhá thuairisc neamhspleácha*
11. privatisation – *príobháidiú*
12. rape – *éigniú*
13. he was referring to - *bhí sé ag tagairt do*

Ceist 2

1987: Toghadh ar dtús é ina Theachta Dála.
1989: Chaill sé a shuíochán san olltoghchán.
1992: D'fhill sé ar an Dáil arís.
1994: D'fhág sé an Páirtí Daonlathach agus chuaigh sé le Fianna Fáil.
2004: Bhí sé sa nuacht ar dhá chúis éagsúla – chosain sé costas na meaisíní a ceannaíodh don vótáil leictreonach, agus bhí éiginnteacht ann faoi chonradh a tugadh do chomhlacht caidrimh phoiblí Monica Leech.
2009: Thit an doras den héileacaptar ina raibh sé ag taisteal agus bhí luach sé mhíle ar an eitilt.

Ceist 3
(a) An briathar saor, an aimsir chaite.

1. Nuair a **toghadh** é mar Theachta Dála.
2. Nuair a **diúltaíodh** dó seasamh mar iarrthóir.
3. Rinne sé cosaint láidir ar na meaisíní costasacha a **ceannaíodh**.
4. De bharr conradh a **tugadh** do chomhlacht.
5. **Fritheadh** amach nach raibh aon rud déanta as an mbealach.
6. Nuair a **tuairiscíodh** gur chosain an eitilt.

(b)

An chéad réimniú (leathan)	An dara réimniú (leathan)
- adh, toghadh, rugadh, fágadh	-aíodh, ceannaíodh, diúltaíodh
An chéad réimniú (caol)	An dara réimniú (caol)
- eadh, briseadh, cuireadh, caitheadh	- íodh, tuairiscíodh, bailíodh, insíodh
Pointí eile	Pointí eile
San aimsir chaite baintear úsáid as ***Ar*** seachas ***An*** agus ***Níor*** seachas ***Ní*** agus ní shéimhítear an briathar saor.	

(c) Is é an briathar saor, aimsir chaite den bhriathar ***Faigh***. Baintear úsáid as an leagan seo go minic sa chaint cé gurb é ***fuarthas*** an leagan ceart ó thaobh an chaighdeáin de, áfach.

Ceist 4

ballot box	bosca ballóide
campaign	feachtas
by-election	fothoghchán
general election	olltoghchán
democracy	daonlathas
candidate	iarrthóir
poll	suirbhé vótála
spoiled vote	vóta millte
electorate	toghthóirí
constituency	toghlach
constituent	toghthóir / duine sa dáilcheantar

Ceist 5
(a) Tabhair tamall do gach beirt na ceisteanna a chur ar a chéile.
(b) Iarr orthu cuntas gairid a scríobh.

Maolra Mac Donnchadha
Tuigtear dúinn go bhfógróidh an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta Martin Cullen fós anocht, nó b'fhéidir amárach, go bhfuil sé ag éirí as a phost. Labhróimid le muintir Phort Láirge faoin scéala ar ball beag ach ar dtús tá cur síos ag Irene Ní Nualláin ar aistear polaitiúil Martin Cullen ón uair a toghadh ar dtús é ina Theachta Dála i 1987.

Irene Ní Nualláin
D'oibrigh Martin Cullen mar bhainisteoir margaíochta i gcomhlacht fíona sular chuir sé spéis sa bpolaitíocht. Nuair a toghadh é mar Theachta Dála don Pháirtí Daonlathach i 1987, bhí sé mar urlabhraí ar chúrsaí turasóireachta, iompair agus cumarsáide agus ina dhiaidh sin ar chúrsaí gnó. Chaill sé a shuíochán san olltoghchán i 1989 ach d'fhill sé ar an Dáil arís i 1992. D'éirigh sé míshocair leis an bPáirtí Daonlathach i 1994 nuair a diúltaíodh dó seasamh mar iarrthóir sna toghcháin Eorpacha, agus chuaigh sé le Fianna Fáil. Tharraing sé cáineadh an fhreasúra i 2004 nuair a rinne sé cosaint láidir ar na meaisíní costasacha a ceannaíodh don chóras vótáil leictreonach. Bhí sé go mór sna nuachtáin nuair a bhí sé mar Aire Iompair i 2004 de bharr conradh a tugadh do chomhlacht PR de chuid Monica Leech. I ndiaidh dhá thuairisc neamhspleácha faoin eachtra fritheadh amach nach raibh aon rud déanta as an mbealach aige. Tharla príobháidiú Aer Lingus le linn a réime mar Aire Iompair. I 2009 thit doras den héileacaptar ina raibh sé ag taisteal go tobann. Tharraing sé tuilleadh conspóide air féin faoin eachtra nuair a tuairiscíodh gur chosnaigh an eitilt[1] sé mhíle euro. I mí Eanáir na bliana seo, chuir Martin Cullen an eachtra a tharla le Monica Leech i gcomparáid le héigniú. Bhí sé ag tagairt don chlúdach a thug na meáin don scéal i 2008 agus don bhrú a bhain leis sin.

Irene Ní Nuallain, Nuacht TG4.

[1] an t-eitilt a deirtear

VIFAX 09 Márta 2010
Meánleibhéal

VIFAX 09 Márta 2010
Meánleibhéal